Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022
(OR. fr)

5928/22

LIMITE

TTC 5
USA 8

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. Tháinig an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, arna bunú ag na ceannairí ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 15 Meitheamh 2021, le chéile den chéad uair in Pittsburgh an 29 Meán Fómhair 2021.

2. An 2 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún in iúl do Choiste na mBuanionadaithe go raibh sé ar intinn aige dul i mbun caibidlíochta maidir le hionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta[1]. D'fhéadfaí an dearbhú sin a fhormheas ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta a bheidh ar siúl san earrach in 2022.

[1] 5908/22

3. Ba cheart, leis an ráiteas comhpháirteach, i measc nithe eile, a chur chun suntais, i gcomhréir leis an Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 15 Meitheamh 2021 agus an Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta an 29 Meán Fómhair 2021, a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a mhéid a bhaineann le saincheisteanna trádála agus teicneolaíochta, agus ba cheart cuspóir a gcur chuige maidir le príomh-shaincheisteanna trádála, eacnamaíocha agus teicneolaíocha ar an leibhéal domhanda a chomhordú agus an caidreamh trádála agus eacnamaíoch trasatlantach bunaithe ar chomhluachanna daonlathacha a dhoimhniú.

4. Beidh ar an gCoimisiún Eorpach eolas a thabhairt do na coistí agus na meithleacha ábhartha, chomh maith le Coiste na mBuanionadaithe, faoin dul chun cinn atá déanta agus beidh air dul ar ais chuig an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a fháil uaithi, i gcomhréir le dlí an Aontais, le haghaidh fhormheas, thar ceann an Aontais, na hionstraime neamhcheangailtí, ar cheart a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé go rachaidh an Coimisiún Eorpach i mbun caibidlíochta maidir le ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta; agus

– a iarraidh ar an gComhairle, seoladh na caibidlíochta maidir le ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.